Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13775/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0336(NLE)**

**AVIATION 256**
**ICAO 88**
**RELEX 1377**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 545 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a ghlacadh, maidir le leasuithe nó fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta Iarscríbhinní 1, 2, 3, 4, 6, 7, 8, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 18 agus 19 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 545 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 545 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.10.2022
COM(2022) 545 final

2022/0336 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a ghlacadh, maidir le leasuithe nó fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta Iarscríbhinní 1, 2, 3, 4, 6, 7, 8, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 18 agus 19 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

– gníomhartha sa tsábháilteacht eitlíochta sibhialta, san aerloingseoireacht agus sa bhainistiú aerthráchta a ghlacadh i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), eadhon in Iarscríbhinní 1, 2, 3, 4, 6, 7, 8, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 18 agus 19 den Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago').

– fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí leis na gníomhartha atá glactha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo i réimsí na nIarscríbhinní thuasluaite a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago mar fhreagairt ar na Litreacha Stáit a sheol ICAO, fógra ina n-iarrtar ar a Stáit chonarthacha fógra míshástachta a thabhairt nó aon difríocht leis na bearta atá glactha a chur in iúl.

– fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí atá ann idir na Caighdeáin agus na Cleachtais Mholta atá ann cheana do ICAO de bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, difríochtaí a eascraíonn as athruithe ar *acquis* an Aontais i ndáil leis na hIarscríbhinní thuasluaite a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Coinbhinsiún Chicago

Bunaíodh ICAO le Coinbhinsiún Chicago, a síníodh in 1944 in Chicago agus a tháinig i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Is páirtithe conarthacha iad Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh sa Choinbhinsiún sin agus, dá bhrí sin, is comhaltaí de ICAO iad. Tá stádas breathnóra ag an Aontas in ICAO agus thug sé Meabhrán Comhair i gcrích le ICAO lena soláthraítear creat le haghaidh comhar feabhsaithe i réimsí na sábháilteachta eitlíochta, na slándála eitlíochta, an bhainistithe aerthráchta agus chosaint an chomhshaoil[1].

Tá 96 airteagal i gCoinbhinsiún Chicago lena leagtar síos na bunrialacha agus na prionsabail lena rialaítear ICAO. Tacaítear leis le 19 nIarscríbhinn ina bhfuil Caighdeáin agus Cleachtais Mholta a leasaítear go rialta.

### 2.2. An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Glacann ICAO caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an eitlíocht shibhialta, go háirithe maidir leis an sábháilteacht eitlíochta, an aerloingseoireacht agus an bainistiú aerthráchta, an comhshaol, an tslándáil eitlíochta, an fhorbairt eacnamaíoch san aeriompar, i gcearta paisinéirí agus san éascú. Cumhdaítear na hábhair sin le forálacha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus tagann siad den chuid is mó faoi inniúlacht an Aontais Eorpaigh. A mhéid is féidir, tá sé d'aidhm ag an Aontas comhsheasmhacht a áirithiú leis na caighdeáin idirnáisiúnta i réimse na heitlíochta sibhialta.

---

1 Cinneadh (AE) 2011/530 ón gComhairle an 31 Márta 2011 maidir le Meabhrán Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a shíniú, thar ceann an Aontais, agus a chur i bhfeidhm go sealadach (IO L 232, 9.9.2011, lgh. 1-7).

### 2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag Comhairle ICAO a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu san Aontas

Mar cheann de dhá chomhlacht rialaithe ICAO, tugann Comhairle ICAO treo leanúnach d'obair ICAO. Tagann Comhairle ICAO le chéile roinnt uaireanta sa bhliain.

De réir Airteagal 54(l) de Choinbhinsiún Chicago, glacann Comhairle ICAO Caighdeáin Idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta, ainmníonn sí iad mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago agus cuireann sí na Stáit chonarthacha ar fad ar an eolas faoin ngníomhaíocht atá déanta. Breithneoidh Comhairle ICAO freisin moltaí ón gCoimisiún Aerloingseoireachta chun na hIarscríbhinní a leasú i gcomhréir le hAirteagal 54(m). De réir Airteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, tá gá le vóta dhá thrian ó Chomhairle ICAO chun go nglacfaidh an Chomhairle Iarscríbhinní nó chun aon leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn.

## 3. AN SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag seisiúin Chomhairle ICAO atá le bunú de réir cur chuige dhá leibhéal. Ar an gcéad dul síos, leis an gCinneadh seo ón gComhairle, déantar treoirphrionsabail agus treoshuíomhanna sheasamh an Aontais a leagan amach in Iarscríbhinn 1 ar bhonn ilbhliantúil. Sa dara céim, déanfaidh an Coimisiún an seasamh mionsonraithe le haghaidh gach seisiúin de Chomhairle ICAO a tharchur chuig an gComhairle, i bhfoirm doiciméid i scríbhinn, lena phlé agus lena fhormheas. Molfaidh an Coimisiún an seasamh mionsonraithe sa doiciméad i scríbhinn bunaithe ar na treoirphrionsabail agus ar na treoshuíomhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 agus ar an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 2.

Tá an cur chuige sin á chur chun feidhme faoi láthair i gcás eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, agus go háirithe laistigh den earnáil iompair laistigh de Choiste um Rialú Stáit ar Chalafoirt Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt[2].

In earnáil na heitlíochta, is ann cheana do Chinneadh ón gComhairle atá comhchosúil lena mbunaítear an seasamh thar ceann an Aontais a bhaineann le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí do ICAO (Cinneadh (AE) 2021/1092 ón gComhairle[3]) ach rachaidh sé in éag an 30 Samhain 2022. Dá bhrí sin, is é cuspóir an togra reatha leanúnachas a sholáthar don Chinneadh sin ón gComhairle agus téarmaí a raoin feidhme a athbhreithniú chun a áirithiú go déanfar na saincheisteanna ábhartha faoi Choinbhinsiún Chicago a láimhseáil go comhleanúnach ar leibhéal an Aontais.

Molann an Coimisiún an nós imeachta thuasluaite mar gheall ar shaintréithe an phróisis in ICAO:

(a) maidir le gníomhartha nua nó leasaithe a ghlacadh;

(b) tar éis an fhógartha maidir le glacadh gníomhartha nua i bhfoirm Litreach Stáit lena n-iarrtar ar a Stáit Chonarthacha fógra míshástachta a thabhairt nó aon difríocht leis na bearta atá glactha nó leis an dáta a chomhlíontar na bearta atá glactha; agus

[2] Cinneadh (AE) 2016/381 ón gComhairle an 14 Márta 2016 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Choiste um Rialú Stáit ar Chalafoirt Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt (IO L 72, 17.3.2016, lch. 53).

[3] Cinneadh (AE) 2021/1092 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2021 lena mbunaítear na critéir agus an nós imeachta le haghaidh fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí maidir le caighdeáin idirnáisiúnta arna nglacadh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i réimse na sábháilteachta eitlíochta (IO L 236, 5.7.2021, lch. 51).

(c) maidir leis an gceanglas fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí le Caighdeáin agus Cleachtais Mholta atá ann cheana.

Go háirithe, ceadaítear le rialacha inmheánacha ICAO idir 10 lá agus 24 uair an chloig roimh sheisiún Chomhairle ICAO (ag brath ar chineál na ndoiciméad) chun doiciméid a chur isteach. Is ag an bpointe sin, agus ag an bpointe sin amháin atá gach aighneacht ar fáil agus gur féidir leis an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na doiciméid d'fhonn seasamh an Aontais a ullmhú maidir leis na hábhair a bhaineann le hinniúlacht an Aontais atá le plé agus a bhfuil cinneadh le déanamh ina leith ag Comhairle ICAO. Leis an tréimhse ama idir infhaighteacht doiciméad agus tús sheisiún Chomhairle ICAO, féadfar ullmhúchán agus glacadh tráthúil an Chinnidh ón gComhairle a cheanglaítear de réir dlí faoi Airteagal 218(9) CFAE a chur i mbaol.

Chun comhleanúnachas sheasamh an Aontais a áirithiú le linn phróiseas glactha ICAO, ba cheart an fheidhm chéanna a bheith ag an bpróiseas dhá shraith atá beartaithe maidir le fógra míshástachta de réir Airteagal 90 agus maidir le difríochtaí i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago.

Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh ar bhonn Airteagal 218(9) CFAE, lena leagfar síos an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a ghlacadh, maidir le leasuithe nó maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí, i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) gach seisiún de Chomhairle ICAO;

(b) cásanna ina mbeidh gá le clárú míshástachta nó fógra i ndáil le difríocht leis na bearta atá glactha mar fhreagairt ar phróiseas Litir Stáit ICAO;

(c) cásanna is gá fógra a thabhairt maidir le difríocht a eascraíonn as athruithe ar *acquis* an Aontais.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) CFAE déantar foráil maidir le Cinntí lena mbunófar 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú faoi thrácht[4].

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear sa choincheap sin freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[5].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é ICAO a bunaíodh de chomhaontú, eadhon Coinbhinsiún Chicago.

4 Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.
5 Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61-64.

Na gníomhartha a iarrtar ar ICAO a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Is amhlaidh atá toisc gur infheidhme na Caighdeáin agus na Cleachtais Mholta arna nglacadh ag ICAO faoi Choinbhinsiún Chicago mura gcomhdóidh Stát Conarthach difríocht do ICAO (Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago) agus, a luaithe a ghlacfar iad agus a bheidh siad éifeachtach, go mbeidh siad ceangailteach ar gach Stát Conarthach ICAO, i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar amach i gCoinbhinsiún Chicago agus laistigh de na teorainneacha sin. Go deimhin, i gcomhréir le hAirteagal 37 de Choinbhinsiún Chicago, gabhann gach Stát Conarthach air féin dul i gcomhair chun an leibhéal aonfhoirmeachta is airde is féidir sna Caighdeáin agus sna Cleachtais Mholta sin a áirithiú. Ina theannta sin, a mhéid is féidir, léirítear iad i ndlí an Aontais agus dá bhrí sin d'fhéadfadh na Caighdeáin agus na Cleachtais Mholta sin tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais i réimse na heitlíochta sibhialta.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218 (9) CFAE bunús dlí nós imeachta an Chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús substaintiúil dlí maidir le Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó ceann de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó mar comhpháirt theagmhasach, ní mór an Cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Leis na gníomhartha atá beartaithe saothraítear cuspóirí agus tá comhpháirteanna iontu i réimse an chomhbheartais iompair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE bunús substaintiúil dlí an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, an bunús dlí atá leis an gCinneadh ón gComhairle atáthar a bheartú.

2022/0336 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a ghlacadh, maidir le leasuithe nó fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta Iarscríbhinní 1, 2, 3, 4, 6, 7, 8, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 18 agus 19 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago'), a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944 agus lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, tháinig sé i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta ('ICAO') leis.

(2) Is Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad Ballstáit an Aontais, agus is Stáit Chonarthacha ICAO iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas Eorpach i gcomhlachtaí áirithe de chuid ICAO.

(3) De bhun Airteagal 54(l) de Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh Comhairle ICAO Caighdeáin agus Cleachtais Mholta idirnáisiúnta le haghaidh eitlíocht shibhialta a ghlacadh, agus iad a ainmniú mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ('Iarscríbhinní ICAO').

(4) Ós rud é go bhféadfadh Caighdeáin agus Cleachtais Mholta ICAO tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais i réimse na heitlíochta sibhialta a mhéid a léirítear iad sa reachtaíocht dá dtagraítear in aithrisí (9) agus (10), is iomchuí seasamh a bhunú thar ceann an Aontais a bheidh le glacadh i gComhairle ICAO.

(5) De bhun Airteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, tá aon Iarscríbhinn de chuid ICAO nó aon leasú ar Iarscríbhinn de chuid ICAO chun éifeacht a bheith aige laistigh de 3 mhí tar éis í a chur faoi bhráid Stáit Chonarthacha ICAO, nó ag deireadh cibé tréimhse ama is faide a fhorordóidh Comhairle ICAO, mura rud é go gcláraíonn tromlach de Stáit Chonarthacha ICAO a mhíshástacht idir an dá linn. A luaithe a ghlacfar caighdeáin agus a thiocfaidh siad chun a bheith éifeachtach, beidh siad ina gceangail ar gach Stát Conarthach ICAO, lena n-áirítear Ballstáit uile an Aontais, i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar amach i gCoinbhinsiún Chicago, agus laistigh de na teorainneacha sin, go háirithe Airteagail 37 agus 38 de.

(6) De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, más dofheidhmithe d'aon Stát Conarthach ICAO aon chaighdeán a chomhlíonadh go hiomlán, nó a rialacháin nó a chleachtais féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán tar éis leasú a dhéanamh ar an gcaighdeán sin, nó má mheasann sé é a bheith riachtanach rialacháin

nó cleachtais a ghlacadh atá éagsúil ar aon dóigh leis na rialacháin nó na cleachtais arna mbunú le caighdeán, tabharfaidh an Stát sin fógra láithreach do ICAO faoi na difríochtaí idir a rialacháin nó a chleachtais féin agus na cinn arna mbunú leis an gcaighdeán. I gcás ina ndéanfar leasuithe ar chaighdeáin, ní mór d'aon Stát nach ndéanann na leasuithe iomchuí ar a rialacháin nó ar a chleachtais féin fógra a thabhairt do ICAO laistigh de 60 lá tar éis an leasú ar an gcaighdeán a ghlacadh, nó an ghníomhaíocht a bheartaíonn sé a dhéanamh a chur in iúl.

(7) Mar gheall ar rialacha inmheánacha ICAO, go háirithe na doiciméid le haghaidh cinntí maidir le caighdeáin nua nó leasuithe ar chaighdeáin i gComhairle ICAO a bheith ar fáil déanach, nó na sprioc-amanna arna leagan síos ag ICAO le haghaidh Stáit Chonarthacha ICAO maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le caighdeáin, chomh maith le líon na ndifríochtaí i réimsí na sábháilteachta eitlíochta, na haerloingseoireachta agus an bhainistithe aerthráchta a bhfuil fógra le tabhairt fúthu gach bliain, is deacair an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCinneadh ón gComhairle atá bunaithe ar Airteagal 218(9) CFAE a bhunú go tráthúil.

(8) Thairis sin, baineann na caighdeáin arna nglacadh ag Comhairle ICAO i réimse na sábháilteachta eitlíochta, na haerloingseoireachta agus an bhainistithe aerthráchta cuid mhaith le hábhair a dtugtar inniúlacht eisiach don Aontas ina leith. Is éifeachtúil agus is iomchuí, dá bhrí sin, creat a bhunú le haghaidh na gcaighdeán nua nó leasuithe ar chaighdeáin agus maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáil le caighdeáin i réimse na sábháilteachta eitlíochta, na haerloingseoireachta agus an bhainistithe aerthráchta a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais, gan dochar do chearta ná d'oibleagáidí na mBallstát faoi Choinbhinsiún Chicago. Ar leibhéal ICAO, tá caighdeáin maidir leis an tsábháilteacht eitlíochta, an aerloingseoireacht agus an bainistiú aerthráchta le fáil go príomha in Iarscríbhinní 1, 2, 3, 4, 6, 7, 8, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 18 agus 19 a ghabhann le ICAO.

(9) Ar leibhéal an Aontais, léirítear go príomha na ceanglais atá sna caighdeáin sin maidir le sábháilteacht eitlíochta agus déantar tagairt dóibh i Rialachán (AE) 2018/1139, Rialachán (AE) 996/2010[6], i Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005[7] agus i Rialachán (AE) Uimh. 376/2014[8] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] agus sna gníomhartha cur chun feidhme agus sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar an mbonn sin go

6 Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le tionóiscí agus teagmhais eitlíochta sibhialta a imscrúdú agus a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir 94/56/CE (IO L 295, 12.11.2010, lch. 35).

7 Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí a bhunú atá faoi réir cosc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal agus maidir le paisinéirí aeriompair a chur ar an eolas faoi chéannacht an aeriompróra, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE (IO L 344, 27.12.2005, lch. 15).

8 Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, lch. 18).

9 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

háirithe Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún[10], Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún[11], Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún[12], Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún[13], Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún[14], Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún[15], Rialachán (AE) 2015/640 ón gCoimisiún[16] Rialachán (AE) 2019/947 ón gCoimisiún[17], Rialachán (AE) 2019/945 ón gCoimisiún[18] agus Rialachán (AE) 2021/664 ón gCoimisiún[19].

(10) Ar leibhéal an Aontais, maidir leis an aerloingseoireacht agus an bainistiú aerthráchta, léirítear na ceanglais atá sna caighdeáin sin go príomha i Rialachán (CE) Uimh. 549/2004[20], Rialachán (CE) Uimh. 550/2004[21], Rialachán (CE) Uimh. 551/2004[22] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus sna gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe arna nglacadh ar an mbonn sin go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún[23], Rialachán (AE) Uimh. 1332/2011 ón

---

[10] Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lch. 1).

[11] Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh deimhniúchán aeracmhainneachta agus deimhniúchán comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, páirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúchán d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

[12] Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

[13] Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 44, 14.2.2014, lch. 1).

[14] Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeroibríochtaí oibreoirí tríú tír de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 133, 6.5.2014, lch. 12).

[15] Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na heagraíochtaí agus an pearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1).

[16] Rialachán (AE) 2015/640 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2015 maidir le sonraíochtaí aeracmhainneachta breise le haghaidh cineál áirithe oibríochtaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 (IO L 106, 24.4.2015, lch. 18).

[17] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann (IO L 152, lch. 45).

[18] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann (IO L 152, lch. 1).

[19] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/664 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2021 maidir le creat rialála don U-spás (IO L 139, 23.4.2021, lch. 161)

[20] Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú (an Creat-Rialachán) (IO L 96, 31.3.2004, lgh. 1-8).

[21] Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 10).

[22] Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerspáis san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le hAerspás) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 20).

[23] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialacháin (CE) Uimh. 1265/2007, (CE) Uimh. 1794/2006, (CE) Uimh. 730/2006, (CE) Uimh. 1033/2006 agus (AE) Uimh. 255/2010 (IO L 281, 13.10.2012, lch. 1).

gCoimisiún[24], Rialachán (AE) 2018/1048 ón gCoimisiún[25], Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún[26] agus déantar tagairt dóibh iontu sin.

(11) I bhfianaise shainiúlacht na sábháilteachta eitlíochta sibhialta, na haerloingseoireachta agus an bhainistithe aerthráchta i gcomparáid le hearnálacha eile a mbíonn ICAO ag plé leo, go háirithe an líon ard caighdeán arna nglacadh ag Comhairle ICAO sna hearnálacha sin agus cinntí gaolmhara eile agus líon na ndifríochtaí a bhfuil fógra le tabhairt fúthu gach bliain, is éifeachtúil seasamh den sórt sin a bhunú ar bhonn ilbhliantúil, seasamh a áiríonn treoirphrionsabail agus treoshuíomhanna. Baineann formhór na dtopaicí i gComhairle ICAO le hábhair a chumhdaítear faoi chlár oibre ICAO arna bhunú ag a Tionól tríbhliantúil. Is féidir, dá bhrí sin, seasamh ginearálta a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle ICAO.

(12) Ba cheart seasamh mionsonraithe an Aontais a shainiú bunaithe ar na treoirphrionsabail agus ar na treoshuíomhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 agus ar an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 2, agus i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú ag an Aontas faoi chuimsiú an chomhbheartais iompair san eitlíocht, d'fhonn córas aeriompair atá sábháilte, slán, éifeachtúil, feidhmiúil, oscailte, inmharthana ó thaobh an gheilleagair agus fónta ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn.

(13) Ba cheart na difríochtaí a bhfuil fógra le tabhairt fúthu do ICAO a bheith bunaithe go háirithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) i gcomhréir le hAirteagal 90(4) de Rialachán (AE) 2018/1139, i gcás inarb infheidhme. Maidir leis na difríochtaí, ba cheart an fhormáid arna sainiú ag ICAO sa Chóras um Dhifríochtaí a Chomhdú go Leictreonach a leanúint, i gcás ina n-éilíonn ICAO é. I gcás, de bhun an Chinnidh seo, ina leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais leagtha i ndoiciméad i scríbhinn a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle chun é a phlé agus a fhormheas, ba cheart a léiriú sa doiciméad sin, i gcás inarb iomchuí agus ar bhonn cás ar chás, ar cheart solúbthacht a thabhairt do na Ballstáit chun fógra a thabhairt faoi na difríochtaí atá i gceist. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh tús a chur le hullmhú an doiciméid sin a luaithe is féidir ionas go mbeidh am leordhóthanach ann don ullmhúchán sin, lena n-áirítear aon chomhairliúchán iomchuí a dhéanamh ar leibhéal na saineolaithe.

(14) Féadfaidh difríochtaí idir caighdeáin arna nglacadh ag Comhairle ICAO i réimse na sábháilteachta eitlíochta, na haerloingseoireachta agus an bhainistithe aerthráchta eascairt as bearta náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139 i gcás cúinsí práinneacha neamh-intuartha, i gcás ina bhfuil na bearta sin éagsúil le caighdeáin agus, dá bhrí sin, ina n-éilítear fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí le ICAO de bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago. Dá bhrí sin, is iomchuí a shainiú sa Chinneadh seo freisin an nós imeachta a bheidh le leanúint chun na

[24] Rialachán (AE) Uimh. 1332/2011 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2011 lena leagtar síos ceanglais úsáid aerspáis choitinn agus nósanna imeachta oibríochta seachanta imbhuailtí ar eite (IO L 336, 20.12.2011, lch. 20).

[25] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1048 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2018 lena leagtar síos ceanglais úsáide aerspáis agus nósanna imeachta oibriúcháin a bhaineann le loingseoireacht fheidhmíochtbhunaithe (IO L 189, 26.7.2018, lch. 3)

[26] Rialachán (AE) Uimh 2015/340 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 805/2011 ón gCoimisiún (IO L 63, 6.3.2015, lch. 1)

difríochtaí sin a shainiú. Ba cheart an nós imeachta sin a bheith ag brath ar raon feidhme agus ar fhad na mbeart náisiúnta arna nglacadh agus ba cheart dó é a chur ar a gcumas do na Ballstáit a n-oibleagáidí idirnáisiúnta faoi Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago a chomhlíonadh gan mhoill. Ba cheart an nós imeachta sin a bheith gan dochar do na coinníollacha agus don nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139.

(15) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad de ICAO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, agus le cúnamh ón gCoimisiún, i gcomhréir le stádas breathnóra an Aontais.

(16) Le cur chun feidhme an Chinnidh seo, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann a n-oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Chicago a chomhlíonadh.

(17) Ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ar feadh tréimhse theoranta, eadhon go dtí tar éis sheisiún Chomhairle ICAO i ndiaidh an 42ú Tionól de chuid ICAO.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach in Iarscríbhinn 1 an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin cinntí a ghlacadh i réimsí na sábháilteachta eitlíochta sibhialta, na haerloingseoireachta agus an bhainistithe tráchta a bhaineann le hIarscríbhinní 1, 2, 3, 4, 6, 7, 8, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 18 agus 19.

*Airteagal 2*

Déanfar sonraíocht sheasamh an Aontais atá le glacadh i ngach seisiún de Chomhairle ICAO i gcomhréir le hIarscríbhinn 2.

*Airteagal 3*

Bunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí le ICAO i ndáil le caighdeáin atá sna hIarscríbhinní thuasluaite a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago i gcomhréir leis an seasamh a leagtar amach in Iarscríbhinn 1.

*Airteagal 4*

I gcás ina bhfuil difríocht idir dlí an Aontais agus na caighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo agus go gceanglaítear dá bhrí sin fógra a thabhairt do ICAO i ndáil leis na difríochtaí idir na caighdeáin sin i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, déanfaidh an Coimisiún, in am trátha agus ar a laghad 2 mhí roimh aon sprioc-am a shocróidh ICAO chun fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí, doiciméad i scríbhinn a chur faoi bhráid na Comhairle, lena phlé agus lena fhormheas, ar doiciméad é a bheidh bunaithe go háirithe ar an bhfaisnéis a sholáthróidh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) i gcomhréir le hAirteagal 90(4) de Rialachán (AE) 2018/1139, i gcás inarb infheidhme, ina leagfar amach na difríochtaí mionsonraithe a bhfuil fógra le tabhairt fúthu do ICAO, agus i gcás inarb iomchuí, an tsolúbthacht a dheonaítear do na Ballstáit a léiriú i bhfoirm fógra.

*Airteagal 5*

I gcás ina nglacfaidh Ballstát, i gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139, bearta náisiúnta lena ndeonaítear díolúintí a bhaineann le daoine nádúrtha nó dlítheanacha aonair nó nach faide ná 8 mí a ré iomlán, agus i gcás gur bearta náisiúnta iad atá éagsúil leis na caighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chinneadh seo agus a éilíonn go dtabharfar fógra faoi dhifríochtaí idir na caighdeáin sin i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, cuirfidh an Ballstáit sin an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon difríocht a bhfuil fógra le tabhairt fúithi.

I gcás ina mbeidh feidhm ghinearálta ag na díolúintí a dheonaítear i gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139 agus gur faide a ré iomlán ná 8 mí, déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis dó moladh EASA a fháil i gcomhréir le hAirteagal 71(2) den Rialachán sin, doiciméad i scríbhinn a chur faoi bhráid na Comhairle, lena phlé agus lena fhormheas, agus an fhaisnéis a sholáthróidh an Ballstát lena mbaineann agus, i gcás inar infheidhme, an fhaisnéis a sholáthróidh EASA i gcomhréir le hAirteagal 90(4) den Rialachán sin, doiciméad ina leagfar amach na difríochtaí mionsonraithe a bhfuil fógra le tabhairt fúthu do ICAO.

*Airteagal 6*

Le cur chun feidhme an Chinnidh seo, éascófar do na Ballstáit a n-oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Chicago a chomhlíonadh.

*Airteagal 7*

Cuirfidh na Ballstáit an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de ICAO in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, laistigh de chomhlachtaí ICAO, agus le cúnamh ón gCoimisiún, i gcomhréir le stádas breathnóra an Aontais.

*Airteagal 8*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2025. Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, cur i bhfeidhm an Chinnidh a leathnú nó é a leasú ar shlí eile.

*Airteagal 9*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*